

AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

CLÁR AN ÁBHAIR

Réamhrá an Stiúrtóra	3
Ráiteas Misin	5
Feidhm an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre	6
Gaiscí agus Forbraíochtaí in 2021	9
Samplaí a Fuarthas sa tSaotharlann le haghaidh Anailíse	11
Clár Alcóil: Fuil agus Fual	19
Clár Alcóil: Anáil	22
Clár Tocsaineolaíochta	29
Dearbhú Cáilíochta	37
Clár Tástála Inniúlachta	38
Eolas Airgeadais & Rialú Corparáideach	39
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	44
Saoráil Faisnéise	46
Soláthar Foirne	46
Cairt Eagraíochta MBRS	47
Comhdhálacha agus Cúrsaí ar fhreastail an Fhoireann orthu in 2021	48
Ídiú Fuinnimh	50
Séanadh Dlíthiúil	50

RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA

Cuirtear achoimre chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmíocht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh na bliana 2021. Cuireann an Tuarascáil seo faisnéis, sonraí agus figiúirí léiriúcháin ábhartha, nuashonraithe agus tábhachtacha maidir le tiomáint faoi thionchar meisciúla ar fáil. Tá an tuarascáil socraithe chomh maith i gcomhthéacs ról an Bhiúró sa Straitéis nua um Shábháilteacht ar Bhóithre ó 2021 go 2030 agus tagairt ar leith a bhaineann le *Gníomhartha 23 agus 119* ar an gClár Comhcheangail Alcóil; le *Gníomh 24* maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú ar thástáil lagaithe a úsáideann An Garda Síochána; le *Gníomh 31* maidir le breithniú ar reachtaíocht do phionóis i leith Cionta Tráchtá Ildrugáí; agus *Gníomh 163* den chlár um sholáthar agus rolladh amach na bhFeistí nua um Réamhthástáil Drugaí atá beartaithe do 2022. Tá an Biúró ar cheann de na comhpháirtithe freisin ar Gníomhartha eile na Straitéise agus i gcur i bhfeidhm foriomlán na Straitéise le linn a shaoil.

Cuireann an Biúró seirbhís náisiúnta comhtháite ardchaighdeán san eolaíocht fhóiréinseach agus sa leigheas ar fáil maidir le brath ábhair mheisciúil agus taighde. Bíonn ról lárnach leanúnach aige seo i dtaca le líon na mbásanna agus na ngortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú. 41 duine in aghaidh an mhilliúin den daonra a cailleadh ar na bóithre in 2021. Bíonn an Biúró ag comhoibriú go leanúnach leis an Roinn Iompair, An Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chomh maith le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile an iarracht atá á déanamh ar thóir “Fís a Náid” a bhaint amach maidir le básanna agus gortuithe ar na bóithre.

Bhí an phaindéim Covid-19 leanúnach in 2021 ina dhúshlán don Bhiúró, a lean ar aghaidh ag cur bearta láidre agus sábháilteachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndearnadh feidhmeanna riachtanacha an Bhiúró a chur i gcrích ar bhealach sábháilte a bhfuil cur isteach beag bídeach ar an obair fhóiréinseach. Léirigh díograis fhoireann an Bhiúró maidir le leanúnachas na seirbhíse a n-ardchaighdeán gairmiúlachta a chinntiú agus tá buíochas ollmhór tuillte acu.

De réir mar a tháinig an tír chun cinn de réir a chéile ó na srianta tromchúiseacha ar ghluaiseacht daonra, lean líon na samplaí a fuair an Biúró le haghaidh anailíse ag leibhéal níos airde a chonacthas in 2020 agus bhí sé 21% níos airde ná an figiúr réamh-Covid 2019 le 5,862 sampla. Deimhníodh athrú suntasach i bpatrún na samplaí a cuireadh ar fáil in 2021 agus chuir líon na dtástálacha Anála Fianaise béim ar meisce alcóil amhrasta agus samplaí fola agus fuail ag díriú ar dhrugaí meisciúla amhrasta eile.

Bhí 179 gléas réamhthástála drugaí ar fáil do na Gardaí i stáisiúin agus ar thaobh an bhóthair faoi dheireadh 2021 agus bhí 93 de na gléasanna ar fáil go sonrach le haghaidh úsáide soghluaiste. Méadóidh tabhairt isteach na ngléasanna PDT nua in 2022 cumas braite na nGardaí maidir le tiomáint faoi thionchar drugaí.

Ba é alcól an t-ábhar meisciúil ba mhinice a braitheadh i dtiománaithe agus ba é an meánleibhéal alcóil san fhuil ná 156mg/100ml agus 197mg/100ml san fhual nuair a fágadh sampla gan rian alcóil as an áireamh. Mar sin tá tiomáint faoi thionchar alcóil fós ina bhaol an-suntasach ar bhóithre na hÉireann.

As an 4,321 sampla a tástáladh sa bhliain 2021, fuarthas amach go raibh 3,412 díobh dearfach i dtaobh grúpa drugaí amháin i ndiaidh réamhthástála saotharlainne drugaí, agus bhí 909 (21%) diúltach i dtaobh na ndrugaí a raibh an Biúró ag díriú orthu ag na tairseacha a bhí in úsáid acu. B'ionann an figiúr dearfach drugaí seo agus 79% de na samplaí Tocsaineolaíochta agus 58% de na samplaí a fuarthas sa Bhiúró. Maidir le drugaí meisciúla seachas an t-alcól, ba iad na trí dhruga ba choitianta a braitheadh ná cannabas, cócaon agus beinsidhé-asaipíní. Ba ábhar imní fós é leitheadúlacht na meascán de dhrugaí agus de dhrugaí le halcól. Ba é an meánleibhéal Δ^9 -Teitrihidreacannaibionól (Cannabas) a deimhníodh sna samplaí a ndearnadh anailís orthu ná 6.0ng/ml in 2021.

Ba é leibhéal 11-nor-9-carboxy- Δ^9 -teitrihidreacannaibionól (Cannabas) ná 58.8ng/ml for 2021. Is iad na teorainneacha dlíthiúla do na drugaí seo ná 1ng/ml agus 5ng/ml faoi seach.

I réimse nua de chomhoibriú um shábháilteacht iompair don Bhiúró, chuaigh sé i ngleic le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) i Meabhrán Tuisceana a leag amach comhaontú trína gceadaíonn, a soláthraíonn agus a ndéanann an Biúró scrúdú ar ghléas Dräger Alcotest 8610 le haghaidh scéim tástála anála alcóil an IAA. Tá ceithre ghléas ag feidhmiú laistigh den scéim seo agus déanann an Biúró na gléasanna a chalabhrú agus a thástáil gach 6 mhí.

Leagtar amach go mion sa tuarascáil déimeagrafaic na dtiománaithe a sholáthair samplaí le haghaidh anailíse agus cuimsíonn sé miondealú ar shampla de réir contae agus ó thiománaithe chomh maith lasmuigh d'Éirinn. Rinneadh anailís freisin chun measúnú a dhéanamh ar líon na dtiománaithe ar cuireadh samplaí athghabhála chun anailíse a dhéanamh orthu. Gabhadh tiománaí amháin cúig huaire déag ar amhras faoi thiomáint faoi thionchar meisciúil i dtréimhse trí mhí in 2021. Leag an t-aimsiú imníoch seo béim ar an ngá go gcaithfidh aghaidh a thabhairt ar an reachtaíocht, sa phróiseas ionchúisimh agus in athshlánú leighis chomh maith ar na ciontóirí a dtiomáineann an athair agus go contúirteach faoi thionchar meisciúil agus go gcaithfidh an Biúró agus roinnt comhlachtaí eile dul i ngleic leis seo go comhoibritheach.

Lean an Stiúrthóir agus an fhoireann ar aghaidh ag freastal ar chúrsaí agus ar chomhdhála in 2021 agus is trí fhreastal fíorúil a bhí an chuid is mó de. Lean foireann an Bhiúró ag cur le raon sainchomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtástáil fhóiréinseach eolaíoch le haghaidh tiomáint faoi thionchar meisciúil. Bhí ról méadaithe ag an mBiúró, tríd an Stiúrthóir, sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Alcól agus Drugaí i sábháilteacht ar bhóithre (ICADTS).

Lean an Biúró dá rannpháirtíocht ghníomhach agus comhoibriú leis an gCoiste Aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre; an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre; an Oifig Náisiúnta um Leigheas Tráchta agus Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn ar threoirínte maidir le folláine leighis chun tiomáint; agus le painéal comhairleach leighis na Roinne Iompair sa RA ar mhí-úsáid alcóil, drugaí agus substaintí agus ar aon le tiomáint.

Chríochnaigh agus d'fhoilsigh an Biúró a dhara staidéar ar imscrúdú cliniúil ar chumas daoine a bhfuil galar scamhóg orthu samplaí fianaise um thástáil anála a sholáthar agus cuirfear a chuid oibre i láthair ag cruinnithe idirnáisiúnta in 2022.

Mar sin ba bhliain ghnóthach, tháirgiúil agus dhúshlánach i gcónaí 2021 don Bhiúró agus é ag súil arís lena pháirt leanúnach a dhéanamh chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus chun tacú leis do gach úsáideoir bóithre in Éirinn go dtí 2022.

An tOllamh Denis A. Cusack
Stiúrthóir

RÁITEAS MISIN:

“Chun seirbhís náisiúnta fhóiréinseach ardchaighdeáin a chur ar fáil le halcól agus drugaí (ábhar meisciúil) a bhraith mar thacaíocht ag fheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre agus chun cur le sábháilteacht iompair agus le folláine leighis bearta um shábháilteacht ar bhóithre agus um leighis folláine chun tiomána.”



FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá an fhreagracht maidir le tástáil cheimiceach a dhéanamh ar ábhair mheisciúla sa tiomáint in Éirinn, atá mar chomhlacht corparáideach bunaithe ag an Aire Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 1968 faoi Chuid V d'Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968.

Athraíodh teideal an Aire go dtí an tAire Comhshaoil & Rialtais Áitiúil ar an 22 Iúil 1997. I mí an Mheithimh 2002, tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi sciath chosanta an Aire Iompair faoin Ordú, Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú, 2002.

Ón mbliain 2011 go dtí mí Mheán Fómhair 2020, tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre anois faoi chúram na Roinne Iompair.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 - 2016.



Nuair a bunaíodh an Biúró sa bhliain 1968 thosaigh sé ag feidhmiú le haghaidh Tástáil Alcóil ar Thaobh an Bhóthair, Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual, Eisiúint Teastas agus soláthar trealaimh le samplaí a thógáil (fearais).

Tá neart athruithe reachtaíochta tarlaithe mar shampla, an tástáil fhianaiseach alcóil san anáil (EBT) agus an tiomáint faoi thionchar drugaí (DUID), samplaí curtha ar fáil in ospidéal, samplaí tógtha ó thiománaithe a raibh tuairt acu agus tástáil éigeantach ar ábhar meisciúil lena n-áireofar Réamhthástáil Alcóil san Anáil (PBT) agus Réamhthástáil Drugaí (PDT). Eisiúint an Biúró teastais faoi alt 17 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 (arna leasú 2016), agus dlús an alcóil san fhuil agus san fhual á dheimhniú, méid de dhruga nó de dhrugaí san fhuil nó san fhual á dheimhniú agus dlús druga nó drugaí san fhuil á dheimhniú.

De réir an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2018, gearrfar pionós níos dhéine ar thiománaithe a bhfuil leibhéal alcóil idir 50mg/100ml agus 80mg/100ml ina gcuid fola acu agus an leibhéal comhionann in gcuid fuail nó ina gcuid anála, a thugann le fios go mbíonn tionchar ar méid beag alcóil ar an tiomáint.

De réir ionstraim reachtaíochta 385 in 2020, ceadaíodh teastais a eisiúint faoi alt 17 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 le haghaidh méid na ndrugaí áirithe a aimsíodh, seachas don chineál druga amháin. Eisítear dlús na ndrugaí sin a liostáladh le teorainneacha *per se* faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 ar an teastas céanna nuair is cuí. Tá cuíchóiriú déanta aige seo ar an bpróiseas tuairiscithe agus cuireann sé níos mó eolais ar fáil don Tiománaí, Don Gharda Síochána agus don Chúirt.

I gcaitheamh na bliana 2021, dhírigh an Biúró ar a chuid freagrachtaí dlí mar a leagadh amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (RTA) agus i dtaca le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Feidhmíonn an Biúró d'fhonn na feidhmeanna idirnasctha thíos a chomhlíonadh.

Fuil agus Fual
Anailís ar Alcól

Alcól san Anáil
Anailís

Fuil agus Fual
Anailís ar Dhrugaí

Druga i Leacht an Bhéil
Tástáil

Taighde - Tiomáint faoi
thionchar Ábhar Meisciúil
Teicneolaíochtaí Nua

Sainfhinné Gairmiúil

Gnóthaí Corparáideacha agus
Airgeadais

Dearbhú Cáilíochta

Fanann an Biúró cothrom le dáta maidir le cúrsaí teicneolaíochta agus bíonn na modhanna anailíse is fearr in úsáid acu. Tá sé tar éis coinneáil suas leis an nuálaíocht i dtéarmaí ionstraimíochta i réimse braite an alcóil agus drugaí sa tsaotharlann agus lasmuigh den tsaotharlann - ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin na nGardaí.

Cuireann an Biúró seirbhís ar fáil don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, do na Cúirteanna, don Gharda Síochána, don chosaint, don ionchúiseamh agus don phobal.

Braitheann an rath leanúnach a bhíonn ar fheidhmíocht an Bhiúró ar an infheistíocht i gcúrsaí oiliúna don fhoireann agus i bhforbairt scileanna. Tá an Stiúrthóir freagrach as reáchtáil laethúil an Bhiúró i ngach ceann dá fheidhmeanna Reachtúla faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 2010 agus 2016. Is é an Príomhanailísí atá freagrach as feidhmiú na saotharlann agus a gcuid clár ar bhonn laethúil. Tá bainisteoir cláir dá gcuid féin ag gach clár ar leibhéal an Phríomhanailísí. Is é an Riarthóir Sinsearach atá freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as cúrsaí riaracháin ginearálta laistigh den Bhiúró. Tá Bainisteoir Cáilíochta ag an mBiúró ar leibhéal an Phríomhanailísí.

GAISCÍ & FORBRAÍOCHTAÍ LE LINN NA BLIANA 2021

Réamhthástáil Drugaí

Tháinig ardú ar an Réamhthástáil Drugaí (PDT) de réir a chéile ar fud na tíre. Ullmhaíodh agus foilsíodh tairiscint in 2021 chun an córas tástála PDT atá ann faoi láthair a athsholáthar, le haistriú pleanáilte i gcomhréir le gníomh 163 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre ó 2021 go 2030. Tá tabhairt isteach an chórais nua um thástáil drugaí ar thaobh an bhóthair de réir sprice le bheith i bhfeidhm i R4 2022. Lean an grúpa athbhreithnithe PDT, ina raibh an tArd-Anailísí mar chathaoirleach agus baill ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána agus an Roinn Iompair ag teacht le chéile chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid na tástála drugaí ar thaobh an bhóthair.

Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí

Bíonn Réamh-Scagthástáil Drugaí ar siúl i gcónaí ag an mBiúró agus úsáid á baint as LC-MS-MS le haghaidh anailís na ndrugaí. Scrúdaíodh gach sampla a raibh leibhéal alcóil níos lú ná 100mg/100ml fola nó a choibhéis ann le haghaidh láithreachta drugaí. Is fusa an druga ar leith nó na drugaí a aithint ag an gcéim thosaigh seo agus an modh scagthástála LC-MS-MS in úsáid.

Tástáil Deimhniúcháin Saotharlainne Drugaí

Cuireadh na samplaí ar fad a raibh toradh dearfach acu i leith druga amháin nó drugaí i ndiaidh na scagthástála ar aghaidh le haghaidh anailíse deimhniúcháin. I mí Iúil 2021 chuir an tsaotharlann teorainn le tástáil drugaí chun druga amháin in aghaidh an tsampla a dheimhniú, cuirfear tús arís le tástáil dheimhnithe iomlán nuair a chuirfear barr feabhais ar an acmhainn foirne. Ba léir i roinnt mhaith cásanna go raibh níos mó ná druga amháin i láthair ón scagthástáil. Deimhniú an Biúró go bhfuil drugaí i láthair agus deimhniú dlús na ndrugaí sin atá luaite go sonrach i Sceideal 2 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016. Déantar an tástáil drugaí saotharlainne ar fad i saoráid an Bhiúró i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Cuireadh síneadh le líon na ndrugaí a tuairiscíodh in 2021.

Réamhthástáil Alcóil san Anáil

Cuirtear gléasanna Réamhthástála Anála (PBT) ar fáil don Gharda Síochána le húsáid ar thaobh an bhóthair le tástálacha a dhéanamh ar anáil tiománaithe le féachaint an bhfuil alcól i láthair sa chorp. Déanann an Biúró na gléasanna seo a chalabhrú gach dara bliain agus tá thart ar 1,400 acu ar fáil don fhórsa i gcónaí.

Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil

Déantar tástáil ar uirlisí Tástála Fianaiseacha Anála (EBT) gach dara bliain. Choimeád an Biúró 86 gléas tástála fianaiseach alcóil san anáil i stáisiúin na nGardaí ar fud na tíre. Mar gheall ar éifeachtaí na paindéime Covid-19 bhí roinnt ionstraimí ag na stáisiúin 'as seirbhís' níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis i ngnáth-amanna oibriúcháin. I ngach cás bhí ionstraimí EBT ar fáil laistigh den rannán agus bhí soláthar réidh fearais fola agus fuail ag na stáisiúin chun cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le Tiomáint faoi thionchar Meisciúil a chumasú.

Dearbhú Cáilíochta

I ndiaidh iniúchadh de chuid INAB (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú) go luath sa bhliain 2021, coimeádadh creidiúnú ISO 17025.

Cheadaigh raon feidhme solúbtha an Bhiúró anailísí breise a chur leis an bpainéal tástála drugaí gan stró.

Sláinte, Leas agus Sábháilteacht

Cuireadh prótacail ar leith Covid-19 i bhfeidhm agus d'fhan na prótacail seo i bhfeidhm ar feadh an chuid ba mhó de 2021. San áireamh leis na prótacail seo seiceáil phearsanta teochta le déanamh ar theacht isteach chun an fhoirgnimh, córas aontreo, scaradh sóisialta, comharthaíocht shoiléir agus maisc le caitheamh nuair a bhítear ag gluaiseacht timpeall an fhoirgnimh. Tá an Biúró agus an fhoireann tiomanta le cloí le treoirlínte an rialtais agus FSS. Chinntigh sé seo gur fhan an Biúró ar oscailt agus ag feidhmiú go hiomlán i gcaitheamh na bliana 2021. Ní raibh fianaise ar bith ar ionfhabhtú covid-19 idir na foirne.

Tá an Biúró tiomanta do thimpeallacht shábháilte a chur ar fáil do na fostaithe ar fad, d'innealtóirí a bhíonn ar cuairt, do Ghardaí agus do dhaoine eile. Rinneadh athbhreithniú ar Ráiteas Sábháilteachta an Bhiúró agus rinne monatóirí sábháilteachta na caighdeán shábháilteachta ab airde a mheas agus a choimeád. Cloítear le Bunráiteas Sábháilteachta Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá teacht ag foireann an Bhiúró ar réimse iomlán na dtairiscintí sláinte agus folláine a chuirtear ar fáil don Ollscoil. Níor tharla timpistí ná eachtraí ar bith i rith na bliana a bhféadfaí tuairisc a thabhairt orthu.

Roinnt Eolais agus Forbairt

Bíonn foireann an Bhiúró agus an Stiúrthóir i mbun cur i láthair ag roinnt de na cruinnithe a reáchtáiltear go fíorúil. Níor chuir an Biúró oiliúint ar Ghardaí le linn na bliana 2021. Ní chreidtear go raibh tionchar suntasach feidhmíochta aige seo mar gheall gur cuireadh oiliúint ar líon sásúil ball de chuid na nGardaí le blianta beaga anuas.

Tá eolaithe an Bhiúró mar bhaill de choistí náisiúnta agus idirnáisiúnta caighdeán agus roinnt eolais agus ar ghrúpaí oibre, lena n-áirítear OIML (an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Méadreolaíocht Dí), Eurachem, UKIAFT (Cumann Tocsaineolaithe Fóiréinseacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann) agus EMCDDA (an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí). Lean obair na gcoistí seo ar aghaidh ar bhonn fíorúil.

Soláthar Tomhaltáin don Gharda Síochána

Soláthraíonn an Biúró tomhaltáin don Gharda Síochána chun forfheidhmiú na reachtaíochta um Thrácht ar Bhóithre maidir le tiomáint faoi thionchar meisciúil a éascú. Tá soláthar na dtomhaltán sin bunaithe ar éileamh agus bíonn an Biúró i dteagmháil go dlúth le hOifig Póilíneachta ar Bhóithre Náisiúnta an Gharda Síochána a dhéanann maoirseacht ar gach iarratas ar stoc agus ar ghléasanna athsholáthair.

SAMPLAÍ A FUARTHAS SA TSAOTHARLANN LE HAGHAIDH ANAILÍSE

Sa bhliain 2021, fuarthas líon iomlán de 5,862 sampla fola agus fuail le haghaidh tástáil alcóil agus/nó drugaí. Is laghdú 1.76% é seo ar na samplaí a fuarthas i gcomparáid le 2020 ach méadú 21% ar an tréimhse réamh-Covid in 2019. figiúr de 4,854. Ó na samplaí go léir a fuarthas, fual a bhí i 15% díobh agus fuil a bhí i 85% díobh.


Tábla 1

Líon Iomlán na Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir

Clár	2021	2020	2019
Alcól san Fhuil & san Fhual	5,862	5,967	4,854
Tocsaineolaíocht Fola & Fuail	4,321	4,489	3,229
Tástáil Fhianaiseach Anála	3,157	3,278	5,372


Cairt 1

Samplaí Fola & Fuail faighte ag Stáisiúin na nGardaí de réir Contaetha



Cairt 2


Samplaí Fola & Fuail - Contae na dTiománaithe a bhfuil cónaí orthu in 2021



In 2021, chuir 4% de thiománaithe a gcuid cónaithe ar fáil mar áiteanna lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.


Cairt 3

Sampla Fola & Fuail - Tiománaithe ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann 2021



Ba é Doire, Tuaisceart Éireann an contae/tír chónaithe is forleithne a chuir tiománaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar fáil, agus gabhadh níos mó tiománaithe a raibh ina gcónaitheoirí Dhoire ná mar a bhí i gceithre cinn de na 26 contae. D'fhéadfadh é seo a bheith mar gheall ar an gcaoi go bhfuil Doire gar do theorann an chontae Dhún na nGall agus go raibh an cheathrú líon is airde ó Shampla Fola agus Fuail faighte ag Stáisiún Gharda Dhún na nGall in 2021.

Cairt 4
Samplaí ó Thiománaithe Athghabhála in 2021




Gabhadh tiománaí amháin 15 huairé i dtréimhse 3 mhí in 2021.


Anailís Ama

Is iad na huairéanta is forleithne do thiománaithe meisciúla ná anonn sa tráthnóna nó go moch ar maidin. Is mó an seans go gcuirfead samplaí fola agus fuail ar fáil idir 10pm agus 4am.

Cairt 5
An tAm a Glacadh an Sampla




Cairt 6
Lá na Seachtaine ar ar Soláthraíodh an Sampla




Cuirtear níos mó samplaí fola agus fuail ar fáil ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan ná aon lá eile sa tseachtain. Tógadh an líon is airde samplaí idir 10pm tráthnóna Dé Sathairn agus 4am maidin Dé Domhnaigh. Ba iad na huairanta ba ghnóthaí chun samplaí a thógáil ná 1am – 2am maidin Dé Domhnaigh. Mar sin féin, braitear tiománaithe faoi thionchar meisciúil i gcónaí ar gach lá den tseachtain.


Cairt 7
Uaireanta Deireadh Seachtaine – An Satharn



Cairt 8
Uaireanta Deireadh Seachtaine – An Domhnach



Cairt 9
Uaireanta Deireadh Seachtaine – An Luan




Líon na Samplaí a Cuireadh ar fáil in Ospidéal

Cuireadh 540 sampla ar fáil in ospidéal sa bhliain 2021, arb ionann é agus 9.21% de líon iomlán na samplaí fola agus fuail a fuarthas. Tháinig laghdú 2.21% ar shamplaí a tógadh in ospidéal in 2021 i gcomparáid le 2020.

Cairt 10

Achoimre na gcásanna ospidéal in 2021



Tiománaithe Gan Aithne

In 2021, níor seoladh aon sampla ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh analíse tar éis fola a ghlacadh ó thiománaithe gan aithne gan urlabhra, i gcomparáid le 4 go 5 ar an meán le blianta beaga anuas.

Anailís Inscne

Chonacthas pátrún a bhí cosúil leis sin sa chóimheas idir fir agus mná in 2021 i gcomparáid le blianta eile, sa mhéid gur fir a bhí in 86% de thiománaithe a chuir samplaí ar fáil.

Tábla 2

Próifíl Inscne na Samplaí a fuarthas - Fuil & Fual


	2021	2020
FIR	86%	87%
MNÁ	14%	13%

Próifíl Aoise

Is ionann próifíl aoise na dtiománaithe atá idir 25 - 34 bliain d'aois a chuireann samplaí fola agus fuail ar fáil agus an céatadán is mó de thiománaithe a ghabhtar. Ba iad 82% d'iomlán na dtiománaithe a gabhadh faoi 45 bliain d'aois. Tá scaipeadh níos cothroime tríd na catagóirí aoise sa ghrúpa baineann ná an grúpa fireann. Ba é an tiománaí ab óige a gabhadh 13 bliana d'aois agus ba é an duine is sine 95 bliain d'aois.


Cairt 11

Próifíl Aoise faoi Inscne in 2021




Cairt 12

Próifíl Aoise na bhFear in 2021



Ó gach tiománaí a gabhadh agus fear a bhí ann - ba iad 84% acu faoi 45 bliain d'aois.

Cairt 13
Próifil Aoise na mBan in 2021



Ó gach tiománaí a gabhadh agus bean a bhí ann - ba iad 68% acu faoi 45 bliain d'aois.

AN CLÁR ALCÓIL: FUIL & FUAIL

Is í an Príomhanailísí, Ms Louise Lawlor, atá i gceannas ar an gclár seo.

- Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chlár Fola agus Fuail:
- Admháil agus anailís le haghaidh ábhar meisciúil sna samplaí fola agus fuail a cuireadh ar aghaidh go dtí an Biúró
- Deimhniú an dlúis alcóil sna samplaí fola agus fuail
- Eisiúint Teastas Anailíse
- Tástáil ar shamplaí bréagacha
- Sainchabhair curtha ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha alcóil



Fearais Fola agus Fuail curtha ar fáil

Cuirtear fearais fola agus fuail le chéile go hinmheánach. Ullmhaítear buidéal fola agus fuail le haghaidh bailiú na samplaí le leasaitheach agus antaithéachtach agus leasaitheach faoi seach sa tsaotharlann. Tá gach earra a theastaíonn chun samplaí fola agus fuail a sholáthar go fóirínseach sna fearais faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre. Áirítear i ngach fearas na foirmeacha agus na séaláí a léiríonn má sháraítear é a n-úsáidtear chun slabhra coimeádta ceart an tsampla a chinntiú ón bpointe soláthair i stáisiún na nGardaí nó tugann ospidéal admháil sa tsaotharlann ag an anailísí.

Léiríonn líon agus cóimheas na bhfearas fola agus fuail a eisíodh na samplaí a fuarthas.

Tábla 3
Fearais Ullmhaithe & Eisithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

	Fearais Ullmhaithe agus Eisithe	
	2021	2020
FEARAI FOLA	6,400	6,400
FEARAI FUAIL	1,500	1,500
CRÚISCÍNÍ	1,700	1,700

Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Baintear úsáid as Crómatagrafaíocht Gháis Idirspáis le Brath Ianúchán Iasrach (HSGC-FID) le hanailís a dhéanamh ar shamplaí Fola agus Fuail. Déanann beirt eolaithe éagsúla anailís ar gach sampla faoi dhó ar a laghad agus úsáid á baint acu as dhá chóras HSGC-FID éagsúil. Is gá go mbeadh torthaí na n-anailísí deimhnithe sula n-eiseofar Teastas Anailíse.

Sa bhliain 2021, fuarthas líon iomlán de 5,862 sampla fola agus fuail le haghaidh tástáil anailíse. Ní bhfuarthas ach ocht sampla le haghaidh tástáil drugaí amháin, ós rud é go ndearnadh tástáil alcóil ar an tiománaí le huirlis Tástála Fianaisí Anála. I 41 cás, níor eisíodh teastais mar gheall ar fhabht éigin sa sampla nó sa cháipéisíocht a bhí in éineacht leis an sampla. Bhí líon na samplaí fuail a fuarthas sa bhliain 2021 ar aon chéim leis an líon a fuarthas le linn na bliana 2020.

Meánleibhéal Tuairiscithe Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Ba é 156mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhuil agus ba é 197mg/100ml an meánleibhéal san fhual le haghaidh na bliana 2021, gan na samplaí nach raibh aon rian alcóil iontu san áireamh.


Uasleibhéal Tuairiscithe Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Ba é 406mg/100ml an t-uasleibhéal alcóil san fhuil agus ba é 494mg/100ml an t-uasleibhéal alcóil san fhual.


Samplaí na Tiúchana Alcóil Ísle san Fhuil agus san Fhual

Ní raibh aon rian alcóil ar 52% de na samplaí fola agus fuail. Ba iad 73% de na samplaí faoi 100mg/100ml nó a chomhionann. Cuirtear samplaí le tiúchan alcóil a raibh níos lú ná 100mg/100ml san fhuil agus 135mg/100ml san fhual ar aghaidh go huathoibríoch le haghaidh anailíse um sheiceáil na ndrugaí.

Cairt 14
Leibhéal Deimhnithe Alcóil Fola 2021 in aghaidh 2020



Cairt 15
Leibhéal Deimhnithe Alcóil Fuail 2021 in aghaidh 2020



Comhfhreagraíonn na leibhéal a luaitear ar Chairt 14 & 15 do na leibhéal phionóis grádaithe agus do thiúchan níos airde.

Nach mbíonn teacht ag an mBíúró ar shonraí rangúcháin tiománaithe nuair a fhaigheann siad samplaí le cur faoi thástáil, i.e. Tiománaithe a bhfuil Ceadúnas Iomlán acu i gcoinne Tiománaithe Sonraithe (Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tosaitheoirí) sa chás go bhfuil laghdú tagtha ar na teorainneacha dlí.

AN CLÁR ALCÓIL: ANÁIL

Is í an Príomhanailísí, Ms Louise Lawlor, atá i gceannas ar an gclár seo.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir Alcól san Anáil:

- Trealamh a cheadú, a sholáthar agus a thástáil a thugann le fios má bhíonn alcól le brath san anáil (gléasanna réamhthástála anála ar thaobh an bhóthair)
- Trealamh a cheadú, a sholáthar agus a thástáil le dlús an alcóil a mheas san anáil (uirlisí tástála fianaisí anála)
- Sainchabhair curtha ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair.
- Cúrsaí oiliúna a chur ar fáil d'Oibritheoirí EvidenzerIRL agus do Mhaoirseoirí.
- Cúrsaí Oiliúint don Oiliúnóir a chur ar fáil don ghléas um Fheidhmiúchán Dräger Alcotest 7510
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha fianaiseacha alcóil san anáil.
- Is é faomhadh, soláthar agus tástáil an fhearais a léiríonn go bhfuil alcól ann agus an tiúchan alcóil san anáil le húsáid ag an Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA).



Gléas Dräger Alcotest 7510

Tástáil Eitlíochta Alcóil san Anáil

In 2021, ghlac an Biúró agus Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) páirt i Meabhrán 7 na gceadaíonn, a soláthraíonn agus a ndéanann an Biúró scrúdú ar aonad Dräger Alcotest 7510 a alcóil an IAA.

Faoi láthair tá ceithre ghléas ag feidhmiú laistigh den scéim seo. Déanann an Biúró na gléasanna seo a chalabhrú agus a thástáil ar bhonn 6 mhí.



Tástáil Alcóil san Anáil ar Thaobh an Bhóthair

In 2021, rinneadh 2,397 calabhrú san iomlán ar ghléasanna tástála anála Dräger Alcotest 7510. Déantar na gléasanna seo a chalabhrú agus a thástáil ar bhonn 6 mhí. Cinntíonn an tástáil seo cruinneas agus feidhmiú ceart na ngléasanna agus tá sé creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi chaighdeán ISO 17025.


Reáchtálann an clár córas beobhabhtála, déantar gléasanna a chuirtear ar ais chuig an mBiúró le haghaidh tástála agus calabraithe a mhalartú le haghaidh gléasanna a calabraíodh le déanaí, rud a laghdaítear aga neamhionaimh.

Tá 1,400 gléas ag an mBiúró san iomlán.



Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil

Lean an Biúró ar aghaidh ag tacú le 86 uirlis Evidenzer IRL agus á gcothabháil i stáisiúin na nGardaí ar fud na hÉireann, féach ar an mapa thíos maidir le garláithreacha.



Uirlisí Tástála EBT i Stáisiún na nGardaí

Déanann eolaí Biúró tástáil ar bhonn gach dara bliain ar gach ionstraim Evidenzer IRL a chuirtear isteach i stáisiún na nGardaí Síochána, lena n-áirítear tástálacha líneachta, cruinnis agus in-atriallachta (beachtais).

Cinntíonn an tástáil seo cruinneas agus feidhmiú ceart an ionstraimithe Evidenzer IRL agus fa an tástáil creidimhíne ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi chaighdeán ISO 75025.

Rinneadh an tástáil seo ar an láthair 191 uair sa bhliain 2021 (203 uair sa bhliain 2020) in ainneoin srianta Covid-19 sa dá dianghlasáil sa bhliain 2021.



Gné ríthábhachtach is ea an tástáil seo le cáilíocht thorthaí na tástála alcóil san anáil a chinntiú d'fhonn na fianaise.

Oiliúint

Reáchtáladh cúrsa amháin Oiliúint-don-Oiliúinóir don ghléas Dräger Alcotest 7510 i Meán Fómhair 2021 ag Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána, an Teampall Mór, cuireadh oiliúint ar 21 Comhalta den Gharda Síochána mar oiliúinóir, rud a chuir ar a gcumas oibritheoirí Garda a oiliúint.




Cuireadh Oiliúint na nGardaí Evidenzer IRL ar fionraí mar gheall ar shrianta Covid in 2021.

De ghnáth déantar an cúrsa ar an láthair ag Campas UCD i gcomhar le Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána.

Reáchtáladh dhá chúrsa oiliúna don aonad IAA Dräger Alcotest 8610 i mBealtaine 2021, a reáchtáladh i gCeannteathrú an IAA, Baile Átha Cliath, cuireadh oiliúint ar 10 bhfostaí IAA san iomlán.



Cairt 16
Leibhéil Alcóil Dheimhnithe 2021 – Anáil



Anailís ar Alcól san Anáil

In 2021, tugadh thart ar 3,157 tiománaí go dtí Stáisiúin na nGardaí agus chuir siad ar fad samplaí anála ar fáil le haghaidh anailíse alcóil. Lean laghdú ar líon na dtiománaithe a tugadh chun samplaí anála a sholáthar d'ionstraim EBT, laghdú 3.7% ó 2020 (laghdú 39% in 2020 i gcomparáid le 2019). I gcás thart ar 3% de na cásanna seo, thug EvidenzerIRL cúis ar leith chun solais nach bhféadfaí teastas Alt 13 a chur ar fáil, mar shampla, cosaintí ar nós Alcól Béil nó Difríocht Anála. I gcás thart ar 13% de thiománaithe, theip orthu nó dhiúltaigh siad samplaí anála a thabhairt. Cuireadh an chuid is mó de na samplaí anála i gcrích go héifeachtach (84%) agus eisíodh teastas Alt 13.

As na tiománaithe ar fad a thug samplaí anála go héifeachtach, cláraíodh toradh alcóil a bhí os cionn a náid i gcás 95% díobh.


Leibhéal Airmheánach agus Uasleibhéal Alcóil san Anáil

Ba é 51µg/100ml an leibhéal airmheánach deimhnithe alcóil san anáil sa bhliain 2021, taobh amuigh de na samplaí anála a raibh toradh alcóil a náid acu. Ba é 149µg/100ml an t-uasleibhéal alcóil san anáil.

Anailís Ama

Tharla an líon is mó samplaí anála in 2021 idir 10pm agus 4am (55%) le patrún céanna cosúil le samplaí fola agus fuail.

Cairt 17
An tAm a Soláthraíodh an Sampla Anála 2021



An Inscne i Samplaí Tástála Fianaisí Anála


Is mó ar fad líon na dtiománaithe fireanna a chaithfidh sampla anála a chur ar fáil ná líon na dtiománaithe baineanna, agus is é thart ar 6:1 an cóimheas idir fir agus mná, d'fhan an phróifíl inscne mar a bhí i mblianta roimhe seo.

Tábla 4
Próifíl Inscne na Samplaí Anála a cuireadh ar fáil

	2021	2020	2019
FIR	85%	85%	86%
MNÁ	15%	15%	14%


Cairt 18

Próifíl Aoise Tiománaithe 2021 – Anáil - % na bhFear ar an iomlán in aghaidh % na mBan ar an iomlán



Cairt 19

Próifíl Aoise Tiománaithe 2021 – Anáil



Is sa chatagóir 35-44 bliain d'aois is mó a chuireann leis an líon tiománaithe a gabhadh a sholáthraíonn sampla anála. Tá sé seo difriúil leis na samplaí a sholáthraíonn sampla fola agus fuail, áit a bhfuil an grúpa is óige 25-34 bliana d'aois is mó a chuireann leis.

Is dócha gur léiriú é seo ar an bhfóras go dtugann Gardaí tiománaithe a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad faoi thionchar alcóil go dtí uirlisí Tástála Fianaisí Anála. Is dóichí go mbeidh an grúpa atá beagán níos sine ag tiomáint faoi thionchar alcóil agus is mó an seans go mbeidh daoine san aoisghrúpa níos óige ag caitheamh drugaí agus iad ag tiomáint.

Ba é an tiománaí ab óige 14 bliana d'aois slánaithe acu agus ba é an duine is sine 84 bliain d'aois slánaithe acu.

CLÁR TOCSAINEOLAÍOCHTA

Is é an Príomhanailísí, Dr Richard Maguire, atá i gceannas ar an gclár seo. Ba iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chlár seo sa bhliain 2021:

- Anailís a dhéanamh ar shamplaí fola agus fuail le druga nó drugaí a bhrath agus/nó dlús druga a dheimhniú.
- Eisiúint Teastas Anailíse má bhíonn druga nó drugaí i láthair agus/nó sa chás go ndeimhnítear dlús na ndrugaí.
- Gléasanna Réamhthástála Drugaí (leacht béil) a chur ar fáil/ a chothabháil agus rialú cáilíochta ar thomhaltáin.
- Anailís ar leacht béil le haghaidh an rialaithe cháilíochta.
- Modhanna nua a fhorbairt don tástáil drugaí agus feabhas a chur ar mhodhanna a bhí ann cheana.
- Sainchabhair a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair agus don Gharda Síochána.
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta.
- Taighde ar dhruaí atá mar chúis lagaithe ag tiománaithe.

Réamhthástáil Drugaí (PDT) ar Thaobh an Bhóthair/Stáisiúnbhunaithe

Cuireadh tús leis an gclár Réamhthástáil Drugaí sa bhliain 2017 agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 13 Aibreán 2017. Ar dtús, chuir sé seo 86 anailíseoir seasta DT5000 agus 47 anailíseoir soghluaiste ar fáil. Is féidir leis an anailíseoir Cannabis, Cócaon, Codlaidínigh agus Beinsidhé-asaipín a bhrath sa leacht béil. Faoi dheireadh 2018 bhí 86 anailísí seasta agus 60 aonad soghluaiste ann. Bhí méadú breise go dtí 75 ar líon na ngléasanna soghluaiste i rith na bliana 2019 a d'fhág gur eisíodh 161 gléas soghluaiste ar an iomlán. Faoi dheireadh 2020, bhí 87 córas stáisiúnbhunaithe ar fáil agus bhí 45 díobh seo ar fáil le húsáid lasmuigh de na stáisiúin, chomh maith. In 2021, bhí 86 córas bunaithe ar stáisiún ar fáil agus bhí 44 díobh seo ar fáil le húsáid lasmuigh de na stáisiúin, chomh maith. In 2021 bhí 93 duine sa bhreis imlonnaithe go sonrach le haghaidh úsáide soghluaiste. Cuireadh cúig anailísí ar fáil freisin do choláiste Oiliúna an Gharda Síochána i dTeampall Mór.



Cheannaigh an Biúró 12,300 caiséad intomhalta, ar a dtugtar STKanna, le húsáid in éineacht leis na gléasanna sa bhliain 2021. Rinne an Biúró bainistiú freisin ar thástáil rialaithe cáilíochta na coda STK de na córais seo chun a chinntiú go gcomhlíonann na STKanna na ceanglais eolaíoch. Maidir leis na hanailíseoirí rinne an Biúró tástáil feidhmíochta timpeall gach 6 mhí ar gach ceann acu chun oibriú ar féidir braith air a chinntiú. Rinneadh damáiste do 30% de ghléasanna DT5000 le linn dóibh a bheith á n-úsáid go hoibríochtúil. Taifeadh 129 locht in 2021 (bhí 118 in 2020).

Nuair a dhéantar tástálacha ar na hanailíseoirí, is féidir an t-eolas seo a íoslódáil ar mhaithe leis an úsáid staitistiúil sula nglantar ó na hanailíseoirí é. Cuireadh líon na dtástálacha ar na hanailíseoirí atá ar fáil don Gharda Síochána i dtoll a chéile don bhliain 2021. Ní tomhas ar ghníomhaíocht forfheidhmithe é seo toisc nach ndéanann an córas reatha idirdhealú idir tástálacha a dhéantar chun críocha oiliúna, taispeána, rialaithe cáilíochta nó forfheidhmithe.

Tábla 5
Anailíseoirí DT5000 – Soghluaiste agus Stáisiún

CINEÁL ANAILÍSEORA IN ÚSÁID	LÍON NA DTÁSTÁLACHA
Soghluaiste	8,897 (10,069 in 2020, laghdú 12%)
Stáisiúnbhunaithe	1,916 (1,820 in 2020, méadú 5%)
Iomlán	10,813 (11,889 in 2020, laghdú 9%)

Léiríonn na figiúirí seo méadú ar úsáid anailíseoirí stáisiún-bhunaithe (5%) agus laghdú ar anailíseoirí soghluaiste (12%). Tá úsáid na n-anailíseoirí bunaithe ar stáisiún íseal ó tugadh isteach na córais in 2017. Tá méadú tagtha ar a n-úsáid le haghaidh tástála de bharr scaoileadh roinnt de na hanailíseoirí bunaithe ar stáisiún seo le haghaidh úsáide soghluaiste ó Lúnasa 2020 ar aghaidh. Bhí tionchar dearfach ag athrú polasaí an Bhiúró seo ar bhrath drugaí i dtiománaithe.

Sa chás go mbailítear sampla den leacht béil ó thiománaí le tástáil a dhéanamh air, agus go mbíonn toradh dearfach aige maidir le druga amháin nó le drugaí, iarrann an Biúró go gcuirfeadh An Garda Síochána ‘Foirm Eolais’ isteach le torthaí na tástála ar thaobh an bhóthair a thabhairt le fios. An chúis atá leis seo ná comparáid a éascú idir feidhmíocht an DT5000 agus an tástáil saotharlainne ina dhiaidh. Sa bhliain 2021, cuireadh 1,837 sampla ar ais le ‘Foirm Eolais’ ag tabhairt le fios go ndearnadh tástáil PDT ar an leacht béil (méadú 15% ó 2020). As na tástálacha seo ar fad, cuireadh toradh dearfach drugaí in iúl i 1,832 (2,151 in 2020) acu le haghaidh druga amháin ar a laghad as an gceithre dhruaga ar féidir leis an DT5000 iad a bhrath.

INFORMATION FORM

To be returned to Medical Bureau of Road Safety with specimen taken under the Road Traffic Act.

(1) Driver's Name: _____

(2) Was Evidential Breath Testing carried out? **YES / NO**

(3) Was Preliminary Drug Testing carried out? **YES / NO**

Cannabis Benzodiazepine Cocaine Opiate

Please indicate positive results by ticking the relevant boxes.

As an 1,832 cás dearfach in 2021, is mar seo a leanas a bhí forleithne na ndrugaí a bhraith an DT5000:

Tábla 6
Leitheadúlacht na ndrugaí a bhraith an DT5000<B

Grúpa Drugaí	2019	2020	2021
Cannabas	66%	67%	69%
Cócaon	43%	46%	45%
Codlaidínigh	8%	8%	6%
Beinsidhé-asaipíní	4%	5%	5%

Tairiscint Chórais Nua Réamhthástála Drugaí

Cuireadh tús le hobair in 2020 ar an bpróiseas chun filleadh ar thairiscintí do chóras nua tástála drugaí i leacht béil agus foilsíodh tairiscint i mí Lúnasa 2021.


Tástáil Saotharlainne

Achoimre an tSampla Fola agus Fuail

Rinneadh anailís ar 4,321 sampla maidir le láithreachta druga nó drugaí, agus is é sin laghdú 4% ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2020. Ó 2015 tháinig méadú ar an ualach oibre sa tocsaineolaíocht beagnach faoi cheathair agus cé go bhfeicimid laghdú beag idir 2020 agus 2021 tá an leibhéal ard fós i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.

Cairt 20

Líon na Samplaí Tocsaineolaíochta a Scrúdaíodh (ó 2015 go 2021)



Bhí anailís thocsaineolaíoch ag teastáil le haghaidh 74% de na samplaí a fuarthas, rud atá ar aon dul le 2020 nuair a bhí anailís de dhíth ar 72% de na samplaí go léir. Is é an polasaí ó thús 2020 ná gach sampla a thástáil le haghaidh drugaí ina bhfuil an toradh alcóil faoi 100mg/100ml san fhuil nó an 135mg/100ml san fhual.

Bhí 40 sampla a bhí thar an teorainn alcóil (méadú 54% ar an 26 sampla a bhí ann in 2020) á n-iarraidh go sonrach ag an nGarda Síochána agus seoladh 11 sampla diúltach ó Thástálacha Fianaiseacha Anála (laghdú 21% ar an 14 sampla a bhí ann in 2020) go dtí an Biúró le haghaidh tástáil drugaí.


Thug na bearta a tugadh isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 an chumhacht do na Gardaí sampla fola a ghlacadh sna cásanna a raibh drugaí tugtha le fios sa réamhthástáil an leachta béil nó i dtástáil lagaithe. Dá thoradh air seo, tháinig athrú ar an gcóimheas de chineál sampla i dtreo fola in áit fual le 91% (90.1% in 2020) na samplaí a ndearnadh anailís ar thocsaineolaíocht a raibh fuil agus 9% a raibh fual (9.9% fual in 2020).

Rinneadh scagthástáil tosaigh do channabas, cócaon, codlaidínigh (m.sh., moirfín, cóidín), beinsidhé-asaipíní, amfataimíní (m.sh., amfataimín, meitiolamfataimín, MDA, MDMA) ag baint úsáid as Crómatagrafaíocht Leachtach le Speictiméadracht Mhaise (LC-MS-MS).

As an 4,321 sampla a tástáladh sa bhliain 2021, fuarthas amach go raibh 3,412 díobh dearfach i dtaobh grúpa drugaí amháin i ndiaidh réamhthástála saotharlainne drugaí, agus bhí 909 (21%) diúltach i dtaobh na ndrugaí a raibh an Biúró ag díriú orthu ag na tairseacha a bhí in úsáid acu. B'ionann an figiúr dearfach drugaí seo agus 79% de na samplaí Tocsaineolaíochta agus 58% de na samplaí a fuarthas sa Bhiúró. Is é sin an staitistic chéanna do 2020 de na 4,489 sampla a tástáladh in 2020, bhí 3,636 deimhneach ó thaobh drugaí, sin, 81% de na samplaí Tocsaineolaíochta a tástáladh agus 61% de na samplaí go léir.

Léirítear i gCairt 21 thíos forleithne na ndrugaí a braitheadh sna samplaí fola agus fuail ar fad. Mar a bhí sna blianta atá caite, ba é an cannabis an druga ba choitianta. Tá an cócaon ar an dara druga is coitianta.


Cairt 21
Scagthástáil ar Leitheadúlacht Drugaí 2021



Léiríonn Cairteacha ó 28 go 31 brath na n-aicmí ildrugáí sna samplaí agus arís tugadh le fios gur baineadh úsáid as níos mó ná druga amháin ar bhonn coitianta in 2021, agus i gcás 1,230 de chásanna dearfacha (36% de chásanna dearfacha) tugadh dhá dhruaga nó níos mó faoi deara.


Cairt 22

Scagthástáil ar Dhrugaí - Líon na n-aicmí a braitheadh in aghaidh an tsampla 2021



Cairt 23


Scagthástáil ar Dhrugaí – Leitheadúlacht na meascán sa chás gur braitheadh dhá dhruaga in aghaidh an tsampla in 2021



Cann (Cannabas), Cóc (Cócaon), Benzo (Beinsidhé-asaipín), Opia (codlaidíneach), Amp (amfataimín)

Cairt 24


Scagthástáil ar Dhrugaí – Leitheadúlacht na meascán sa chás gur braitheadh trí dhrua in aghaidh an tsampla in 2021



Cann (Cannabas), Cóc (Cócaon), Benzo (Beinsidhé-asaipín), Opia (codlaidíneach), Amp (amfataimín)

Cairt 25

Scagthástáil ar Dhrugaí – Leitheadúlacht na meascán sa chás gur braitheadh ceithre dhrua in aghaidh an tsampla in 2021




Cann (Cannabas), Cóc (Cócaon), Benzo (Beinsidhé-asaipín), Opia (codlaidíneach), Amp (amfataimín)

Ó thaobh na próifíle inscne de, fir iad 90.3% agus mná iad 9.1%, (níor luadh inscne 0.6%) bunaithe ar shonraí dearfacha scagtha atá cosúil leis an miondealú a rinneadh sa bhliain 2020 (fir iad 88%, mná iad 12%).

Léirítear próifíl aoise na samplaí dearfacha thíos le 91% faoi bhun 44 bliain d’aois agus 70% faoi bhun 34 bliain d’aois slánaithe acu.

Cairt 26
An Líon Iomlán a Scagthástáladh Dearfach faoi Aois 2021



Anailís Deimhnithe

A luaithe a dhéantar sampla dearfach a bhrath le linn na scagthástála tosaigh, déantar é a dheimhniú trí úsáid a bhaint as Crómatagrafaíocht Gháis le comh-Speictriméadracht Mhaise agus Crómatagrafaíocht Leachtach le recomh-Speictriméadracht Mhaise le haghaidh gach druga eile. Cuireadh na samplaí ar fad a raibh toradh dearfach acu ar scagthástáil saotharlainne sa bhliain 2021 ar aghaidh le haghaidh deimhniúcháin i dtaobh gach druga a tugadh faoi deara ag céim na scagthástála, a oiread agus ab fhéidir le méid na samplaí.

In 2021 bhí líon na samplaí mar an gcéanna leis an mbliain roimhe sin. Ba é seo an chéad chomhartha ar léibheann i líon na samplaí tar éis méaduithe suntasacha bliain ar bhliain ó 2016 ar aghaidh. I ngach cás ar leith, ní fhéadfaí líon beag samplaí a dheimhniú mar gheall ar shrianta ar mhéid an tsampla agus fuarthas amach go raibh líon beag acu diúltach nuair a rinneadh an deimhniú.

Mar gheall ar an méadú suntasach ar líon na samplaí a fuarthas le haghaidh tástála drugaí, rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas maidir leis na drugaí go léir a braitheadh ag an scagthástáil a dheimhniú faoi réir méid na samplaí. Tháinig athrú ar an mbeartas dá bharr sin inar cuireadh an sampla ar aghaidh chuig modh tástála deimhnithe amháin. Cuireadh é seo i bhfeidhm maidir le samplaí a fuarthas tar éis an 1 Iúil 2021. Tá sé beartaithe fillleadh ar dheimhniú na ndrugaí go léir a braitheadh ag an scagthástáil tar éis tuilleadh athbhreithnithe.

Tábla 7
Tástáil dheimhnithe do na drugaí/ranganna éagsúla

GRÚPA DRUGAÍ	2019	2020	2021
Cannabas	1,747	2,606	2,353
Beinsidhé-asaipíní	475	535	369
Cócaon	852	1,494	1,239
Codlaidíneach/Meatadón	308	453	313
Amfataimín/Meitiolamfataimín	157	193	107
Iomlán	3,539	5,281	4,318

Teorainneacha dlíthiúla

Tugadh leibhéil *per se* isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 (a achtaíodh i mí Aibreáin 2017) le haghaidh an Channabais, an Chócaoin agus an Hearóin san fhuil iomlán.

Tábla 8
Leibhéil Per se

Druga	Teorainn dhlíthiúil
Δ^9 -Teitrihidreacannaibionól (Cannabas)	1ng/ml
11-nor-9-carboxy- Δ^9 -teitrihidreacannaibionól (Cannabas)	5ng/ml

Cócaon	10ng/ml
Beansóileacgainín (Cócaon)	50ng/ml
6-aicétiolmoirfín (Hearóin)	5ng/ml

Meánleibhéil Channabais

Ba é meánleibhéal Δ^9 -Teitrihidreacannaibionól (Cannabas) ná 5.7ng/ml in 2020 agus 6.0ng/ml in 2021.

Ba é leibhéal 11-nor-9-carboxy- Δ^9 -teitrihidreacannaibionól (Cannabas) ná 55.6ng/ml le haghaidh na bliana 2020 agus 58.8ng/ml le haghaidh na bliana 2021.

Dearbhú Cáilíochta

Tá Córas Bainistíochta Cáilíochta bunaithe ag an mBiúró atá lárnach d’obair an Bhiúró agus atá creidiúnaithe go caighdeán ISO/IEC 17025 (2017) (Riachtanais ghinearálta maidir le cumas na saotharlann tástála agus calabraithe). Rinne BNEC (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú), ó chian, comhlíonadh an chaighdeáin seo i mí Aibreáin 2021. Ní raibh aon ‘sintí clasaiceacha ar Scóip Chreidiúnaithe an Bhiúró’, mar sin féin, trí leas a bhaint as an scóip Solúbtha a fheidhmíonn an Biúró sa Chlár Tocsaineolaíochta, tugadh isteach Modh Tástála Daingnithe Drugaí breise a chuireadh Tramadol agus Dífheinhiodraimín, úsáideann an modh seo uirlis Crómatagrafaíocht Leachta Ardtaifeach. Le tabhairt isteach an Mhodh Tástála seo leathnaíodh líon na n-anailísí sna samplaí fola agus fuail, ar féidir leis an mBiúró a dheimhniú go bhfuil siad ann agus a thuairisciú, go 25 agus socraíonn sé an bealach chun tuilleadh anailísí a chur leis ar bhealach éifeachtach ó thaobh costas de agus tráthúil. Cloíodh le creidiúnú ISO 17025 le haghaidh na dtástálacha seo a leanas:

- Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual
- Tástáil Fhianaiseach Anála
- Réamhthástáil Anála
- Réamhthástáil Drugaí
- Tástáil Drugaí i Sreabhán Béil
- Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí
- Deimhniú cannabais i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú beinsidhé-asaipín i bhFuil agus i bhFual

- Deimhniú ildrugáí i bhFuil agus i bhFual

Tá na sonraí ar fad maidir le Scóip an Chreidiúnaithe ar fáil ag:

<https://www.inab.ie/inab-directory/laboratory-accreditation/testing-laboratories/>.

Tástáil Inniúlachta

Le linn 2021, lean an Biúró lena ról i ngach scéim tástála Inniúlachta (féach Tábla 9) ina nglacann sé páirt gan mórán cur isteach.

Lean soláthraithe scéime ag cur le síntí ama leis na spriocdhátaí chun amanna seachadta breisithe a cheadú mar gheall ar an bPaindéim agus ar an mBreatimeacht.

Bhí feidhmíocht thar gach scéim inghlachta.

Tábla 9
Clár Tástála Inniúlachta

Clár	Soláthraí	Scéim	Líon na Samplaí	Anailítí
Tocsaineolaíocht	CAP	Drugáí Mí-úsáide i Lánfhuil agus i bhFual	8 sampla sa bhliain	Amfataimíní & Spreagthaigh Cannaibionóidigh Cócaon & Meitibilítí Mionsuaimhneasáin Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach Codlaidínigh
	Labquality	Drugáí Mí-úsáide i bhFual	6 shampla sa bhliain	Amfataimíní & Spreagthaigh Cannaibionóidigh Cócaon & Meitibilítí Mionsuaimhneasáin Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach Codlaidínigh
	Tástáil Inniúlachta ar	Drugáí Mí-úsáide i bhFual	12 sampla sa bhliain	Tá níos mó ná 210 anailít ar fáil lena n-áirítear Amfataimíní & Spreagthaigh.

	Chaighdeán LGC			Cannaibionóidigh Cócaon & Meitibilítí Mionsuaimhneasáin Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach Codlaidínigh, Créitínín, pH, Sainmheáchan
	Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC	Tocsaineolaíocht	8 sampla sa bhliain	Amfataimíní & Spreagthaigh Cannaibionóidigh Cócaon & Meitibilítí Mionsuaimhneasáin Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach Codlaidínigh
	Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC	Drugaí i Sreabhán Béil	12 sampla sa bhliain	Amfataimíní & Spreagthaigh Cannaibionóidigh Cócaon & Meitibilítí Mionsuaimhneasáin Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach Codlaidínigh
	Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC	Tocsaineolaíocht – Beinsidhé-asaipíní	8 sampla sa bhliain	Déiseapam, Nordiazepam, Teamaiseapam, Ocsaiseapam, Níotraiseapam
	Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC	Tocsaineolaíocht – Z – Drugaí	8 sampla sa bhliain	Soipioclóin, Zaleplon, Sóilpidéim
Alcól i bhFuil agus i bhFhual	Labquality	Fuil	8 sampla sa bhliain	Alcól
	Labquality	Cainníochtúil Fuail	4 shampla sa bhliain	pH, Créitínín & Úiré
	Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC	Tocs - Fuil & Tocs - Fual	24 sampla sa bhliain	Alcól
Tástáil Fhianaiseach Anála	CTS, Inc.	568 Anailís ar Thuaslagán Ionsamhlóra Alcól Anála	2 thuaslagán sa bhliain	Alcól

Faisnéis Airgeadais

Tagann airgead an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ó Dheontas Bliantúil ón Roinn Iompair. €5,939,000 an leithdháileadh deontais iomlán don Bhiúró le haghaidh 2021.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi Ordú an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (bunú), 1968. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 - 2016 agus ina rialacháin. Tá an Bord freagrach don Aire Iompair agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseach a dhéanamh ar gach buncheist gnó. Is iad an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir rialta laethúil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Caithfidh an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta an treoir straitéiseach leathan atá leagtha amach ag an mBord a leanúint agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na bunghníomhaíochtaí agus na bunchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh tarlú. Is idirghabháil dhíreach é an Stiúrthóir idir an Bord agus bainistíocht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Comhaltaí Boird

Tá cúig chomhalta (lena n-áirítear an Stiúrthóir) i mBord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ceaptar an Bord ag an Aire Iompair.

COMHALTAÍ BOIRD		
Ainm	Post	Taifead Tinrimh (Fíorúil)
An Dr. Declan Bedford	Cathaoirleach	4 de 4
An tOllamh Denis Cusack	Comhalta Boird agus Stiúrthóir	4 de 4
An tOllamh Patricia Fitzpatrick	Comhalta Boird	4 de 4
An t-Uasal Sean Quigley	Comhalta Boird	4 de 4
Iníon Joan O'Brien	Comhalta Boird	4 de 4

Ballraíocht agus Cruinnithe Biúró

Le linn 2021, bhí ceithre chruinniú ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Ba cruinnithe a éascaíodh ar Zoom iad na ceithre chruinniú de bharr na srianta Covid. Reáchtáil na cruinnithe ar an 11 Márta, an 30 Meitheamh, an 6 Deireadh Fómhair agus an 9 Nollaig 2021.

Sceideal na dTáillí agus Costais Chomhiomlána a íocadh le Stiúrthóirí le linn 2021

Le linn 2021, íocadh na táillí seo a leanas:

TÁILLÍ BOIRD ÍOCTHA			
Comhalta Boird	Cineál Táille	Íoctha 2021	Íoctha 2020
An Dr. Declan Bedford	Táille le haghaidh Cathaoirligh an Bhoird Comhlachta Stáit	€8,978	€8,978
	Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit	-	-

An t-Uasal Paul Burns (a d'éirigh as an 24 Márta 2020)	Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit	-	€1,496
Iníon Joan O'Brien	Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit	€5,988	€1,368
An t-Uasal Sean Quigley	Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit	€5,987	€676
An tOllamh Patricia Fitzpatrick	Gan Aon Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit	-	-

Bhunaigh an Bord coiste amháin.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá trí chomhalta boird sa Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Is é ról an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chúraim do shaincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn ar bhonn bliantúil. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca: An t-Uasal Seán Quigley, Cathaoirleach, Dr. Declan Bedford, an tOllamh Patricia Fitzpatrick go dtí an 10 Márta 2021 agus tháinig Joan O'Brien ina áit. Bhí 4 chruinniú ag an CIR sa bhliain 2021.

Coiste Maoirseachta Rialachais

Is é ról an Choiste um Rialachas tacaíocht a thabhairt don Bhord freastal ar cheanglais dlíthiúla agus reachtúla, chomh maith le dea-chleachtas a ghlacadh. Is Ionadaithe iad comhaltaí an choiste seo ón Roinn Iompair agus an Stiúrthóir ar an bhfoireann Sinsearach Riaracháin agus an t-Oifigeach Riaracháin ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Maoirseachta Rialachais sa bhliain 2021.

Comhlíonadh

Ghlac an Bord le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinneadh Comhaontú Maoirseachta leis an Roinn Iompair agus bhí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Chomhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2021.

Nochtadh

Éilíonn Alt 22 d'Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 go bhFoilseofar Tuarascáil Bhliantúil gach bliain maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin agus bearta ar bith a rinneadh mar fhreagra a thabhairt ar na nochtuithe sin. De bhun an riachtanais seo, deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre nach bhfuarthas aon nochtuithe cosanta de réir forálacha an Achta um Nochtuithe Cosanta, 2014 ar feadh na tréimhse ó 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Ceanglais Reachtúla

Deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chloígh sé lena cheanglas reachtúil le linn 2021.

Eitic in Oifigí Poiblí

Ní raibh aon leasanna ag comhaltaí an Bhoird a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2021 chun críocha na n-Achtanna um Eiticí in Oifigí Phoiblí 1995 agus 2001.

Iniúchadh Airgeadais Seachtrach

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúcháireacht bhliantúil na Ráiteas Airgeadais 2020 le linn 2021. Níor tarraingíodh aon cheist shuntasach anuas le linn na hiniúcháireachta. Déantar iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais don bhliain 2021 in 2022.

Iniúchadh Inmheánach

Is gné ríthábhachtach é feidhm na hiniúcháireachta Inmheánaí chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Oibríonn an t-iniúcháir inmheánach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ullmhaíodh tuarascáil ar an Iniúcháireacht Inmheánach i dtaca le 2021.

Soláthar

Is é córas tairiscintí iomaíocha an gnáthpholasaí a baineadh úsáid as ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa phróiseas soláthair. Deimhníonn sé gur chomhlíon sé na nósanna imeachta soláthair agus Treoracha cuí ón AE mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le linn 2021.

Pleanáil Straitéiseach

Chuir an Biúró a Phlean Straitéiseach Bliantúil le haghaidh 2022 le chéile chomh maith lena Phlean Straitéiseach Cúig Bhliain ó 2022 go 2026 agus cuireadh an dá phlean ar aghaidh chuig an Aire. Leag an Plean príomhchuspóirí an Bhiúró amach sa bhliain seo chugainn agus sna blianta atá amach romhainn i gcomhar lena phríomhbhearta chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Íocaíocht Cuntais go Tráthúil

Glacann an Bord go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh a chinntiú maidir leis an Acht Prapíocaíocht Cuntas. De réir chomhaontaithe leis an gColáiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath, íoctar soláthraithe ar an gcéad dul síos ag an gColáiste agus ansin aisíoctar é ag an mBiúró.

Is é polasaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc gan mhoill. Ní mór don Choláiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath, mar chomhlacht earnála poiblí, cloí le ceanglais an Achta maidir le híocaíochtaí le soláthraithe le haghaidh soláthair earraí agus seirbhísí agus mar sin, tá nósanna imeachta diana i bhfeidhm.

I gcás líon beag soláthraithe, eiseoidh an Biúró íocaíocht i bhfoirm seic díreach don soláthraí. Leis na rialuithe atá ann maidir le sonraisc, le nótaí creidmheasa agus lena bheith ag plé le hagóidí soláthraí, is féidir leo dearbhú réasúnta amháin a sholáthair agus ní dearbhú absalóideach in aghaidh ábhair nach bhfuil neamh-chomhlíonadh leis an Acht.

Cód Caiteachais Phoiblí

Thosaigh an cód caiteachais poiblí i mí Mheán Fómhair 2013 agus rinne sé treoracha, treoirlínte agus ciorcláin roimhe seo a uasdátú maidir le breithmheas caipitil agus luach ar airgead.

Tá an cód caiteachais poiblí leagtha amach lean chinntiú go bhfaigheann an Stát an luach is fearr le haghaidh na n-acmhainní a bhfuil teacht acu orthu. Baineann an cód le caiteachas caipitil agus reatha agus leagann sé amach a bhfuil de

dhíth ó bhainisteoirí seirbhíse poiblí ag pointí éagsúla na saolré caiteachais ar nós breithmheas a thabhairt, pleanáil, formheas, athmhachnamh agus athbhreithniú a dhéanamh.

Tuigeann an Bord a fhreagracht maidir leis an gCód Caiteachais Poiblí agus deimhníonn an Bord gur chomhlíon sé an cód sa bhliain 2021.

Finné Gairmiúil

Thar aon réimse eile sa dlí cóiriúil in Éirinn, is é an réimse forfheidhmithe tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre agus go háirithe a bheith ag tiomáint faoi thionchar an óil agus drugaí, an réimse is dóichí dul chun dlí. Soláthraíonn an Biúró sainfhinnéithe i gcásanna os comhair na gcúirteanna. Bhí 6 thinreamh cúirte ag baill foirne an Bhiúró sa bhliain 2021.

Cuireadh tuarascálacha agus tuairimí ar fáil do pháirtithe Cosanta chomh maith le páirtithe ionchúisimh chun cúnadh a thabhairt don Chúirt i roinnt cásanna eile.

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2021

	31/12/2021	31/12/2020
<u>IONCAM</u>		
Deontais an Oireachtais	5,939,000	5,948,000
Ioncam táille ghairmiúil	5,730	400
Ioncam Iomlán	5,944,730	5,948,400
<u>CAITEACHAS</u>		
Tuarastail agus ranníocaíochtaí pinsin	3,215,311	3,180,157
Luach saothair na gcomhaltaí boird	20,953	12,518
Costais dhíreacha a bhaineann le soláthar seirbhíse	962,073	989,585
Soláthairtí oifige agus saotharlanna	573,642	778,576
Costais riaracháin	743,591	731,369
Dímheas	786,521	776,797
Caiteachas Iomlán	6,302,091	6,469,002
Easnamh don tréimhse roimh leithreasáí	(357,361)	(520,602)
Aistriú ó/(go) chuntas caipitil	594,373	686,963
Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasáí	237,012	166,361
Iarmhéid a tugadh chun tosaigh amhail an 1 Eanáir	765,431	599,070
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2021	1,002,443	765,431

Tá gach gnóthachan agus cailteanas a aithníodh sa bhliain san áireamh sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ioncam coinnithe.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

SCÓIP NA FREAGRACHTA

Is mise, Dochtúir, Admhaíonn Declan Bedford, Cathaoirleach an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, freagracht an Bhoird go gcloítear le agus go bhfeidhmítear córas rialaithe inmheánach éifeachtach. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach le riosca a bhainistiú le go mbíonn sé ar leibhéal inghlactha in áit é a bhaint ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta a chur ar fáil agus ní dearbhú absalóideach go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus go bhfuil siad taifeadta i gceart. agus go bhfuil botúin nó mírialtachtaí ábhair coiscthe nó aimsithe go pras.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An Cumas chun Plé le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhfuil trí chomhalta Boird ann. Bhuail an CIR lena chéile ceithre huaire (i gcruinnithe fíorúla) in 2021.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chomh maith atá na hacmhainní cuí a chur ar fáil ar bhealach sásúil agus a dhéanann clár oibre a bhí aontaithe leis an CIR. Tá feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí curtha amach ar conradh chuig cuideachta sheachtrach.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an CIR ina léirítear a inghlacthacht riosca, na próisis atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú agus tugann sé eolas faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tá an polasaí eisithe do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de pholasaithe na bainistíochta riosca de chuid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, chun airdeall a chur ar an mbainistíocht maidir le rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh a réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Cuireadh córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a aithníonn agus a thuiriscíonn bunrioscaí agus na bearta bainistíochta a dhéantar chun dul i ngleic le, agus go pointe atá indéanta, chun na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus aithníodh, measadh agus grádaíodh iad seo de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a uasdátú ag an CIR agus ag an mBord ar bhonn bliantúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tá sonraí ar an gclár riosca faoi na rialuithe agus gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus leis an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá leagtha ar bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas:

- tá taifead déanta ar gach nós imeachta i dtaca le príomhphróisis gnó,
- tá cúraim airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta chomh maith leis an bhfreagracht a ghabhann leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm agus tá buiséad bliantúil ann a dhéantar athbhreithniú air ag ardbhainistíocht,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntiú go bhfuil rialú dóthanach ann ar fhaomhadh deontas agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú go mbíonn deontais á maoiniú ar an gcúis atá luaite leo.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus tá easnaimh rialaithe curtha in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, gan mhoill. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú.
- bunaíodh socruithe tuairisceoireachta ag naleibhéil ar fad atá cúram na bainistíochta airgeadais sannta, agus
- déantar athbhreithniú rialta ag ardbhainistíocht ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht in aghaidh búiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go mbíonn na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh agus gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na nósanna imeachta sin le linn 2021.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bhainistíocht riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach ar an eolas trí obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an ardbhainistíocht laistigh den Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as an bhforbairt agus as caomhnú chreat an rialaithe inmheánach airgeadais.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021 ar an 11 Márta 2022.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca le 2021 atá nochtadh de dhíth sna ráitis airgeadais.

Comhlíonadh Cánach

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do dhlíthe an chánachais a chomhlíonadh agus comhlíon sé na dlíthe sin le linn 2021.

Sáruihte Rialaithe

Níor aimsíodh aon sáruihte sa rialú i dtaca le 2021 atá nochtadh de dhíth sna ráitis airgeadais.

Cailteanais nó Calaoisí Ábhar

Níor aimsíodh aon chailteanais nó chalaosí ábhair i dtaca le 2021 atá nochtadh de dhíth sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre:

An Dr. Declan Bedford

Cathaoirleach

Saoráil Faisnéise

Fuair an Biúró dhá iarratas le linn 2021 agus is mar seo a leanas a pléadh leo:

Cinneadh	Líon na n-Iarratas
Páirt-Dheonaithe	1
Bealach an Riaracháin	1
Iomlán	2

Catagóir an te a rinne Iarratas	Uimhir a Fuarthas
Iriseoir	0
Dlíodóir	0
Eile	2
Iomlán	2

Comhionannas agus Éagsúlacht


Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do mheas a thabhairt ar chomhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú ar mhaithe lena fhostaithe, pháirtithe leasmhara, ghníomhaireachtaí seachtracha agus leis an bpobal, agus ghlac an Lia-Bhiúró leis na Beartais agus Nósanna Imeachta de chuid UCD i dtaca leis seo.

Soláthar Foirne

Lean an Biúró ar aghaidh le linn 2021 ag oibriú laistigh dá líon foirne ceadaithe tarmligthe faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta.

Mar gheall ar an méadú ar an méid oibre, chuir an Roinn Iompair in iúl don Bhiúró i mí na Nollag 2021 go raibh méadú le seachtar a líon fostaite ceadaithe ag an Roinn. Tugann sé seo líon iomlán na mball foirne ceadaithe go 49. Cuirfear tús in 2022 le foireann bhreise cheadaithe a earcú.

An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre Cairt Eagraíochta



Cúrsaí agus Comhdhála ar fhreastail an fhoireann orthu sa bhliain 2021

1.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Lá Oideachais Fhóirínseach de Chumann Cróinéirí na hÉireann, (i bhfoirm Fhíorúil), an 20 Eanáir 2021.
2.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Ghrúpa Oibre NOTM maidir leis an Liacht Tráchtá i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann, Baile Átha Cliath ar an 8 Feabhra 2021.
3.	D'fhreastail Príomh-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chomhdháil um Fhinnéithe Saineolaithe thar dhá lá ar an 25 agus 26 Feabhra 2021.
4.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chruinnithe Straitéise éagsúla um Shábháilteacht ar Bhóithre (i bhfoirm Fhíorúil agus Phearsanta) ar an 11 Feabhra, an 18 Márta agus an 23 Márta 2021.
5.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheimineár Gréasáin Dhámh an Leighis Fhóirínseach agus Dhlíthiúil ar Sheirbhísí Míochaine Fóirínseacha Cliniciúla a Soláthraíodh Lasmuigh de Shasana agus den Bhreatain Bheag ar an 22 Márta 2021 agus rinne sé cur i láthair ag an Seimineár sin.
6.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheimineár Gréasáin maidir le Vacsaín Covid-19 a reáchtáil Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann ar an 23 Márta 2021.
7.	Bhí an Stiúrthóir i láthair ag Cruinniú Fíorúil de chuid an Phainéal Comhairleach Leighis maidir le hAlcól, Drugaí agus Tiomáint, Roinn Iompair na RA, Londain ar an 24 Márta 2021.
8.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheimineár NOTM maidir leis an Liacht Tráchtá i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann, Baile Átha Cliath ar an 24 Márta 2021.
9.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú an Chumainn Dlí-Liachtá ar Eitic Covid-19 (i bhfoirm Fhíorúil) an 25 Márta 2021.
10.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Finnéithe Saineolaithe La Touche (i bhfoirm Fhíorúil) an 26 Márta 2021.
11.	D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chomhdháil an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Thástáil Cheimiceach thar dhá lá ar an 15 agus an 16 Aibreán 2021.
12.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Torthaí an AE um Shábháilteacht ar Bhóithre (i bhfoirm Fhíorúil) an 20 Aibreán 2021 agus rinne sé cur i láthair ag an gComhdháil sin.
13.	D'fhreastail Anailísí ar sheimineár a reáchtáil an Lárionad um Thaighde & Oideachas na hEolaíochta Fóirínseach ar an 21 Aibreán 2021.
14.	Chuir an Príomh-Anailísí cúrsa in Anailísíocht Sonraí Tosaigh i gcrích le linn an ama ó mhí na Bealtaine go mí Iúil 2021.
15.	D'fhreastail beirt Anailísí ar Chúrsa Alcóil Borkenstein ón 18 go dtí an 27 Bealtaine 2021.
16.	D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chruinniú den Ghrúpa Líonra Ceimice an 20 Bealtaine 2021

17.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar 25ú Comhdháil den Acadamh Idirnáisiúnta an Leighis Dhlíthiúil sa Ghinéiv (i bhfoirm Fhíorúil) ón 1 go dtí an 4 Meitheamh 2021.
18.	Bhí an Stiúrthóir ina Chathaoirleach ar Chruinniú Oideachais Chomhairle Eorpach an Mhíochaine Dhlíthiúil ar Chomhchuibhiú Caighdeán an Mhíochaine Fhóiréinsigh agus na Paiteolaíochta (Fíorúil) an 2 Meitheamh 2021, agus rinne sé cur i láthair ag an gCruinniú sin.
19.	D'fhreastail Anailísí ar Cheardlann Feasachta um Shábháilteacht ar Ghás an 3 Meitheamh 2021.
20.	Bhí an Stiúrthóir ina Scrúdaitheoir ag Cúrsa Scileanna Seomra Cúirte (i bhfoirm Fhíorúil) a reáchtáil Dámh an Leighis Fhóiréinseach agus Dhlíthiúil ar an 15 Meitheamh 2021.
21.	D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chruinniú Bliantúil Réamhrabhadh Reitox EMCDDA ar an 22 agus 23 Meitheamh 2021.
22.	D'fhreastail Príomh-Anailísí ar an gCruinniú Faisnéise Taighde <i>Drinkaware</i> - Samhradh 2021 ar an 14 Iúil 2021.
23.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Mhalartán an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht ar Bhóithre, EURSE, Seimineár Gréasáin na Portaingéile & na hÉireann maidir le hEipidémeolaíocht na Tiomána faoi thionchar Alcóil agus Drugaí Eile in Éirinn le linn na Paindéime Covid-19 ó 2020 go 2021 agus rinne sé cur i láthair ag an malartán sin ar an 15 Iúil 2021.
24.	D'fhreastail beirt anailísí ar Chúrsa Drugaí Borkenstein a mhair cúig lá ó 30 Lúnasa go dtí an 3 Meán Fómhair 2021.
25.	D'fhreastail an Ard-Anailísí agus Príomh-Anailísí ar Ócáid <i>Drinkaware</i> ar an 16 Meán Fómhair 2021.
26.	D'fhreastail Anailísí Sinsearach amháin agus ceathrar Anailísí ar oiliúint in Agilent 6470 LCMSMS Fabhtcheartú an 30 Meán Fómhair 2021 ag an mBiúró in UCD.
27.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Ghrúpa Oibre NOTM maidir leis an Liacht Tráchtá i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann, Baile Átha Cliath ar an 11 Deireadh Fómhair 2021.
28.	D'fhreastail triúr Anailísí ar Chruinniú Ghrúpa Úsáideoirí GC Perkin Elmer ar an 14 Deireadh Fómhair 2021.
29.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar an 2ú Comhdháil Idirnáisiúnta & 18ú Comhdháil Eolaíochtaí Fóiréinseacha agus labhair sé ann, sa Tuirc, maidir le Caighdeán Fhóiréinseacha (i bhfoirm Fhíorúil) an 15 Deireadh Fómhair 2021.
30.	D'fhreastail Príomh-Anailísí, Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Chruinniú Ghrúpa Úsáideoirí GC Perkin Elmer an 20 Deireadh Fómhair 2021.
31.	D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Sheoladh Fíorúil Thermofisher 2021 ar an 9 Samhain 2021.
32.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chruinniú Faisnéise Taighde <i>Drinkaware</i> an Fómhair 2020 (i bhfoirm Fhíorúil) ar an 18 Samhain 2021.
33.	D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheoladh na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre, i mBaile Átha Cliath, an 14 Nollaig 2021.
34.	I rith na bliana 2021, d'fhreastail baill foirne an Bhiúró freisin ar chúrsaí agus ar oiliúint a chuir Foghlaim agus Forbairt Daoine UCD agus Oifig SIRC de chuid UCD lena n-áirítear Bainistíocht Tionscadail, Ceannaireacht, TF agus Sábháilteacht ó Dhóiteán. Bhí rochtain ag baill foirne ar <i>LinkedIn Learning</i> freisin le haghaidh cúrsaí oiliúna.


ÍDIÚ FUINNIMH

De réir ghealltanais an Rialtais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh poiblí a fheabhsú 33% sa bhliain 2021, chláraigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an gcóras ar líne de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus is tríd an gcóras sin a bhíonn sé ag cur a chuid tuairiscí ar fáil. Gás agus leictreachas an dá fhoinsé fuinnimh is mó a bhíonn in úsáid ag an mBiúró. Tá siad riachtanach le saotharlann fhóiréinseach agus saoráidí coimhdeacha a oibriú, mar shampla teas agus soilse, trealamh saotharlainne, láimhseáil aeir, ríomhairí agus freastalaithe.

Bíonn tionscnaimh ar siúl ag an mBiúró chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Baintear úsáid as Córas Bainistíochta Foirgneamh le monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar theas, aonaid láimhseála aeir, coire uisce (soláthar díreach uisce te) agus feananna eastarraingthe. Bíonn gach ceann de na ceithre urlár in áitreabh an Bhiúró á bhainistiú ar bhonn indibhidiúil agus bíonn rialuithe uathoibríocha á sceidealú dá réir. Feistítear bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, braiteoirí gluaiseachta agus lasca ama ar fud an fhoirgnimh ar fad chun ídiú fuinnimh a íoslaghdú.


SÉANADH DLÍTHIÚIL

Tá na cuntais agus staitisticí atá sa tuarascáil seo de chineál coimrithe agus eolas ginearálta amháin. Níor chóir brath orthu ina n-aonar chun cearta dlíthiúla ná cinní eile faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a dhearbhu. Moltar do léitheoirí agus d'úsáideoirí aon eolas ar mian leo brath air a dhearbhu lena gcomhairleoirí dlí.



An tOllamh Denis A. Cusack

Stiúrthóir.



An Dr. Declan Bedford,

Cathaoirleach.

